II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2262 ÓN gCOIMISIÚN

**an 13 Nollaig 2021**

**lena gcláraítear tásc geografach dí biotáille faoi Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, is é sin, "Bayerischer Blutwurz"**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáille, úsáid ainmneacha deochanna biotáille i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáille, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na Gearmáine an 7 Meitheamh 2019 maidir le clárú "Bayerischer Blutwurz" mar thásc geografach.

(2) Rialachán (AE) 2019/787 a thagann in ionad Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, tháinig sé i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2019. I gcomhréir le hAirteagal 49(1) den Rialachán sin, déantar Caibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, maidir le tásca geografacha, a aisghairm le héifeacht ón 8 Meitheamh 2019.

(3) Ar chinneadh don Choimisiún go bhfuil an t-iarratas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, d'fhoilsigh sé príomhshonraíochtaí an chomhaid theicniúil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]) faoi mar fhoráiltear le hAirteagal 17(6) den Rialachán sin, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 50(4) de Rialachán (AE) 2019/787.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2019/787, níor tugadh aon fhógra freasúra don Choimisiún.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an t-ainm "Bayerischer Blutwurz" a chlárú mar thásc geografach,

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

([3]) IO C 351, 1.9.2021, lch. 28.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá an tásc geografach “Bayerischer Blutwurz” cláraithe. I gcomhréir le hAirteagal 30(4) de Rialachán (AE) 2019/787, an chosaint dá dtagraítear in Airteagal 21 den Rialachán sin, deonaítear leis an Rialachán seo í don ainm “Bayerischer Blutwurz”.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*